



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

Cultúr Scoile Ionchuimsitheach a Chothú

Leabhrán Foghlama Gairmiúla 2023-2024



Léargas Ginearálta ar an Seimineár

Seisiún 1 09:30 - 11:00	Tuiscint ar Ionchuimsitheacht
Tae/Caife 11:00 - 11:15	
Seisiún 2 11:15 - 13:00	Braistint Mhuintearais a chur chun cinn do gach Foghlaimoír Cuir Chuige Oideolaíocha Ionchuimsitheacha
Lón 13:00 - 14:00	
Seisiún 3 14:00 - 15:30	Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí a Thógáil Cur Chuige Scoile Uile agus Lucht Ceannaireachta ar Scoil Ionchuimsitheach

Padlet Seimineár



<https://tinyurl.com/ionchuimsitheach>





Seisiún 1: Tuiscint ar Ionchuimsitheacht

Machnamh ar Neamhionannas, Comhionannas, Cothromas agus Ceartas

Cad iad na bealaí a raibh taithí ag Bianca ar an méid seo a leanas ina haistear tríd an oideachas?

<p>Neamhionannas: Rochtain éagothrom ar dheiseanna.</p>	<p>Comhionannas: Uirlisí agus cúnamh curtha ar fáil go cothrom.</p>
<p>Cothromas: Uirlisí saincheaptha a shainaithníonn agus a thugann aghaidh ar éagothroime.</p>	<p>Ceartas: An córas a dheisiú chun rochtain chomhionann a thairiscint ar uirlisí agus ar dheiseanna araon.</p>



Seisiún 1: Tuiscint ar Ionchuimsitheacht

Príomhtheachtaireachtaí

<p>Tá meas ag cultúir scoile ionchuimsitheacha ar fhoghlaimoirí mar dhaoine aonair agus spreagann siad iad le barr a gcumais a bhaint amach.</p>	<p>Cuireann pobail scoile ilchineálacha deiseanna chun cinn do gach foghlaimoir chun scileanna a fhorbairt atá riachtanach chun páirt ghníomhach a bheith acu sa tsochaí.</p>
<p>Bíonn tionchar ag cultúr na scoile, caidrimh, comhpháirtíochtaí, beartas, pleanáil agus curaclam ar bhraistint mhuintearais na bhfoghlaimoirí.</p>	<p>Is éard atá i gceist le cultúr ionchuimsitheachta a chothú ná comhoibriú agus comhpháirtíocht le baill foirne, foghlaimoirí, tuismitheoirí, agus gníomhaireachtaí seachtracha.</p>

Machnamh ar Ionchuimsiú

<p>Cad atá á dhéanamh againn mar scoil iomlán?</p>	
<p>Cad atá á dhéanamh agam i mo sheomra ranga?</p>	



Seisiún 2: Braistint Mhuintearais a chur chun cinn do gach Foghlaimeoir agus Cleachtais Oideolaíochta Ionchuimsitheacha

Muintearas

"a mhéid a bhraitheann scoláirí go pearsanta go bhfuil glacadh leo, go bhfuil meas orthu, go bhfuil siad mar chuid de phobal na scoile, agus go dtacaíonn daoine eile leo i dtimpeallacht shóisialta na scoile"

Goodenow (1993)



Cén tionchar a bhíonn ag braistint mhuintearais foghlaimeora ar a gcumas tabhairt faoi shaol na scoile?

Nótaí

Rudaí le meas:

Bíonn tionchar suntasach ag braistint mhuintearais foghlaimeora ar a gcumas

tabhairt faoi shaol na scoile. Nuair a bhraitheann foghlaimeoirí muintearas lena bpobal scoile, is féidir leis tionchar dearfach a imirt ar a n-eispéireas oideachais foriomlán ar bhealaí éagsúla:

Spreagadh Méadaithe: Is féidir le braistint láidir mhuintearais foghlaimeoirí a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh ina n-aistear oideachais. Is mó seans go bhfreastalóidh siad ar scoil go rialta, go rachaidh siad i mbun gníomhaíochtaí ranga, agus go mbeidh fonn foghlama orthu.

Feidhmíocht Acadúil Fheabhsaithe: Nuair a bhraitheann foghlaimeoirí braistint mhuintearais, is mó an seans go luifidh siad isteach ar a gcuid foghlama. Feiceann siad ábharthacht a gcuid oideachais dá saolta agus dá dtodhchaí, rud a bhféadfadh feidhmíocht acadúil fheabhsaithe a bheith mar thoradh air.

Dearcadh Dearfach i Leith na Foghlama: Is minic a chothaíonn braistint mhuintearais dearcadh dearfach i leith na foghlama. Bíonn foghlaimeoirí níos oscailte d'eispéiris agus do dhúshláin nua, agus bíonn siad níos sásta a gcuid scileanna agus a gcuid spéiseanna a fhiosrú agus a fhorbairt.

Muinín Mhéadaithe: Is féidir le muintearas féinmhuinín na bhfoghlaimeoirí a mhéadú. Nuair a bhraitheann siad gur baill luachmhara de phobal na scoile iad, is mó an seans go nglacfaidh siad páirt i bpléití, go gcuirfidh siad a gcuid smaointe in iúl, agus go nglacfaidh siad róil cheannaireachta.

Folláine Mhothúchánach: Cuireann braistint mhuintearais le folláine mhothúchánach. Laghdaíonn sí mothúcháin de leithlisiú, uaigneas, agus imní, rud a d'fhéadfadh staid mhothúchánach níos dearfaí agus meabhairshláinte níos fearr a bheith mar thoradh air.

Caidrimh Dhearfacha le Piaráí: Nuair a bhraitear muintearas, is minic go gcothaítear caidrimh dhearfacha le piaráí mar thoradh air. Tugann na cairdis seo córas tacaíochta d'fhoghlaimeoirí, rud a fheabhsaíonn a dteacht aniar mhothúchánach agus a bhforbairt shóisialta.

Rannpháirtíocht Ghníomhach: Is mó seans go nglacfaidh foghlaimeoirí a bhraitheann muintearas páirt ghníomhach i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim, i gclubanna, i spóirt agus in imeachtaí scoile. Cuireann an rannpháirtíocht ghníomhach seo lena n-eispéireas scoile foriomlán.

Braistint Féiniúlachta agus Chuspóra: Ligeann an muintearas d'fhoghlaimeoirí braistint féiniúlachta agus chuspóra a fhorbairt. Mothaíonn siad go bhfuil ceangal acu lena bpobal scoile agus go bhfuil tuiscint níos fearr acu ar cé hiad féin agus cad ba mhaith leo a bhaint amach.

Tinreamh Scoile Feabhsaithe: Is féidir tinreamh scoile feabhsaithe a bheith mar thoradh ar bhraistint láidir mhuintearais. Is mó seans go dtiocfaidh foghlaimeoirí ar scoil nuair a bhraitheann siad go bhfuil ceangal acu lena bpiaráí agus lena n-oideachasóirí.

Scileanna Réitigh Coinbhleachta: Is minic go mbíonn foghlaimeoirí a bhraitheann muintearas in ann a mbealach a dhéanamh trí choinbhleachtaí agus easaontais ar bhealach cuiditheach. Is mó seans go lorgóidh siad cabhair agus go réiteoidh siad fadhbanna le tacaíocht ó phobal na scoile.

Ullmhúchán don saol i nDiaidh na Scoile: Ullmhaíonn braistint mhuintearais scoláirí don saol i ndiaidh na scoile, áit a bhfuil caidrimh a thógáil, mothú ceangailte lena bpobail, agus féinaitheantas dearfach a fhorbairt rithábhachtach do rath pearsanta agus gairmiúil.

Bíonn na ráitis a leanas ábhartha d'fhoghlaimeoirí a thuiriscíonn braistint láidir mhuintearais agus iad ar scoil:



- scóir léitheoireachta níos fearr
 - is mó seans go gcuirfidh siad oideachas dara leibhéal i gcrích
 - is mó seans go rachaidh siad ar aghaidh go hoideachas tríú leibhéal
 - tinreamh níos fearr
 - léiríonn siad spreagadh acadúil, féinmheas agus gnóthachtáil níos airde
 - is lú seans go dtabharfaidh siad faoi iompraíochtaí baolacha nó frithshóisialta
 - is lú seans go mbeidh siad míshásta lena saolta
- ECFE (2020)*

NÓTAÍ:



Seisiún 2 Braistint Mhuintearais a chur chun cinn do gach Foghlaimeoir & Cleachtais Oideolaíochta Ionchuimsitheacha

Muintearas

Smaoinigh ar fhoghlaimeoir a bhfuil braistint mhuintearais láidir aige/aici i do scoil.

Cad iad na cúinsí a chuireann lena mbraistint mhuintearais?

Cad iad na cúinsí a d'fhéadfadh cur isteach ar bhraistint mhuintearais na bhfoghlaimeoirí?






Seisiún 2 Braistint Mhuintearais a chur chun cinn do gach Foghlaimeoir & Cleachtais Oideolaíochta Ionchuimsitheacha

Cleachtais Oideolaíochta Ionchuimsitheacha

Samplaí de chleachtais oideolaíochta ionchuimsitheacha a roinnt agus a thaifeadh.

Prionsabail maidir le Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim



Modhanna iomadúla léiriúcháin	Modhanna iomadúla rannpháirteachais	Modhanna iomadúla chun cur in iúl
Tá bealaí éagsúla ag daoine eolas a bhrath agus a thuiscint, trí fhormáidí éagsúla mar shampla téacs, fuaim nó íomhánna.	Tá cúiseanna spreagtha éagsúla ag foghlaimeoirí. Trí roghanna rannpháirteachais a chruthú, cinntítear gur féidir le foghlaimeoirí spreagadh intreach a aimsiú agus suim a chothú sa phróiseas foghlama.	Tugtar deiseanna d'foghlaimeoirí a dtuiscint agus a n-eolas a léiriú trí mhodhanna éagsúla mar shampla tascanna scríofa, cur l láthair nó tionscadail ilmheán.
		

Ahead.ie

Seisiún 2 Braistint Mhuintearais a chur chun cinn do gach Foghlaimeoir & Cleachtais Oideolaíochta Ionchuimsitheacha

Cleachtas atá Freagrúil ó Thaobh an Chultúir agus na Teanga de



Féach ar an bhfíseán.

An bhfuil rud éigin san fhíseán seo is féidir liom a ionchorprú i mo chleachtas féin?

Cá bhfuil na cuir chuige seo ag teacht le príomhscileanna agus príomhinniúlachtaí na Sraithe Bunscoile, na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí?

Seisiún 2: Braistint Mhuintearais a chur chun cinn do gach Foghlaiméir agus Cleachtais Oideolaíochta Ionchuimsitheacha

Ag Machnamh ar Chuir Chuige Oideolaíochta Ionchuimsitheacha

<p>Cad atá á dhéanamh agam go maith i mo sheomra ranga?</p>	
<p>Cad atá á dhéanamh againn go maith mar scoil iomlán?</p>	
<p>Cad a d'fhéadfaimis tosú ag tabhairt chun cinn inár scoil?</p>	



Seisiún 3: Comhpháirtíochtaí a Fhiosrú

Cad iad na caidrimh agus na comhpháirtíochtaí a thacaíonn le hionchuimsiú gach foghlaimeora?

Straitéisí le comhpháirtíochtaí éifeachtacha a thógáil:



Cuir chuige éifeachtacha chun a chinntiú go n-éistear le guthanna na bhfoghlaimeoirí agus go ngníomhaítear ina leith:

Leibhéal Scoile:

Leibhéal an tSeomra Ranga:

Seisiún 3: Cur Chuige na Scoile Uile

Cad iad na comhráite is gá dúinn a bheith againn agus cé leis/leo?

Cad iad na cineálacha cur chuige a úsáidfimid?

Roinnt cur chuige molta:

- Ceannach isteach a chruthú ó gach páirtí leasmhar
- Eolas agus feasacht a fhorbairt – FGL
- Ceannaireacht a Dháileadh
- Aiseolas a lorg ó na páirtithe leasmhara go léir
- Monatóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh
- Ag úsáid modh oibre FMS
- Cumarsáid a dhéanamh go soiléir
- Luachanna a Léiriú
- Tabhairt faoi Phlé
- Meantóireacht



Seisiún 3: Cur Chuige na Scoile Uile

Ábhair mhachnaimh bhreise:

Cad is féidir linn a dhéanamh inniu?

An mhí seo?

An téarma seo?

An scoilbhliain seo?



Tagairtí agus Príomhdhoiciméid

An tAcht um Stádas Comhionann:

ACHT CHUN COMHIONANNAS A CHUR CHUN CINN AGUS CHUN TOIRMEASC A CHUR AR SHAGHSANNA IDIRDHEALAITHE, CIAPTHA AGUS IOMPAIR GHAOLMHAIR I dTACA LE SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ, MAOIN AGUS DEISEANNA EILE A bhFUIL ROCHTAIN AG AN bPOBAL I gCOITINNE NÓ AG AICME DEN PHOBAL ORTHU, CHUN SOCRÚ A DHÉANAMH MAIDIR LE hIDIRDHEALÚ ÁIRITHE AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ NEAMHDHLEATHACHA EILE A IMSCRÚDÚ AGUS A LEIGHEAS, CHUN SOCRÚ A DHÉANAMH MAIDIR LEIS AN ÚDARÁS COMHIONANNAIS DO RIAR NITHE ÉAGSÚLA A BHAINNEANN LEIS AN ACHT SEO, DO LEASÚ AN ACHTA UM CHOMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA, 1998, I nDÁIL LEIS SIN AGUS AR BHEALAÍ ÁIRITHE EILE AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA. [26 Aibreán, 2000]

Airteagal 29 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh:

Aidhmeanna an Oideachais

“1. Aontaíonn Páirtithe Stáit go mbeidh Oideachas an linbh dírithe ar

“(a) An fhorbairt is mó is féidir a dhéanamh ar phearsantacht, ar bhuanna agus ar chumais fhisiciúla agus éirime an linbh.

“(b) Urraim do chearta daonna, do shaoirse bhunúsach agus do na prionsabail atá curtha i láthair i gCairt na Náisiún Aontaithe a fhorbairt.

“(c) Urraim a chothú do thuismitheoirí an linbh, d’fhéiniúlacht chultúrtha, do theanga agus do luachanna an linbh, do luachanna náisiúnta na tíre ina bhfuil cónaí ar an leanbh, don tír as ar tháinig sé nó sí ar dtús, agus do shibhialtachaí eile atá éagsúil ón tsibhialtacht lena mbaineann an leanbh.

“(d) An leanbh a ullmhú do shaol freagrachta i sochaí ina bhfuil saoirse, i spiorad na tuisceana, na síochána, na caoinfhuilíngthe, an chomhionannais idir fir agus mná, agus an cairdeas idir gach cineál dreama agus grúpa eitneach, náisiúnta agus creidimh agus daoine de bhunadh dúchasaigh.

“(e) Urraim don timpeallacht nádúrtha a fhorbairt.

Tagairtí agus Príomhdhoiciméid

- Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2023 – 2027 <https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/252216/4268b8ba-d7c5-4d76-af50-0637e269073a.pdf>
- An tAcht um Stádas Comhionann (2000-2018) <https://revisedacts.lawreform.ie/eli/2000/act/8/revised/en/html>
- Treoirínte um Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil (2005) (á Nuashonrú faoi láthair) https://ncca.ie/en/resources/intercultural_ed_pri/
- Treoirínte Oideachais Idirchultúrtha san Iar-bhunscoil (2006) https://ncca.ie/en/resources/interc_guide_pp_eng/
- Straitéis Oideachais Idirchultúrtha 2010-2015 <https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/120820/09c2c2c6-ba6e-4618-9358-e23f001fd353.pdf#page=null>
- Treoirínte le hAghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach(2021) https://ncca.ie/media/5039/updated-guidelines-2021_ga.pdf
- Ag Féachaint ar an Scoil Againne, 2022 Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta <https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/232720/b4f77625-c6df-4988-84b4-14371d922be8.pdf#page=null>
- Straitéis um Chomhtháthú Imirceach (2017) <https://www.gov.ie/en/publication/983af-migrant-integration-strategy/>
- An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais 2023-2027 (2023) <https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/250231/bfad51c8-87cc-4f0a-b3bc-991fb6eec3bc.pdf#page=null>
- An Straitéis Náisiúnta do Mhná agus do Chailíní 2017 -2020 <https://assets.gov.ie/95979/1cce0f7f-68dd-4cf4-b7cf-80a9b2c2e912.pdf>
- Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017-2021 <https://www.gov.ie/en/publication/c83a7d-national-travelstrategy-2017-2021/>
- Nelis, S.M. et al. (2021) *Lasmuigh de ghnóthachtáil: Torthaí baile, scoile agus folláine ó PISA 2018 do na scoláirí i Scoileanna DEIS agus do na scoláirí nach bhfuil i Scoileanna DEIS.* Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas.



- ECFE (2020), "Sense of Belonging at School", i *PISA 2018 Results (Imleabhar III): What School Life Means for Students' Lives*, OECD Publishing, Páras <https://doi.org/10.1787/d69dc209-en>.
- ECFE (2017), Torthaí PISA 2015 (Imleabhar VI): Students' Well-Being, OECD Publishing, Páras.
- Creatchuraclam na Bunscoile, le haghaidh Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta (2023) <https://www.curriculumonline.ie/getmedia/84747851-0581-431b-b4d7-dc6ee850883e/2023-Primary-Framework-ENG-screen.pdf>
- Creat Rannpháirtíochta - An Creat Náisiúnta do Leanáí agus do Dhaoine Óga agus iad a bheith Rannpháirteach i nDéanamh Cinntí <https://hubnanog.ie/participation-framework/>
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh Na Náisiún Aontaithe, Meitheamh 2010. Féach ar www.childrensrights.ie

